# This is Art! 2024

RTÉ

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*


Shared Island Initiative

# Leagan Amach a bheidh air A Ealaíontóirí Óga! Is féidir iarratas a dhéanamh anois ar chomórtas This is Art! na bliana 2024.

THIS IS ART! Táthar ag tabhairt cuireadh d'ealaíontóirí óga a gcuid saothar ealaíne a sheoladh ar aghaidh chuig an gcomórtas ealaíne is iontaí in Éirinn do dhaoine óga. Is féidir le healaíontóirí óga atá 18 mbliana d'aois agus níos óige agus atá ina gcónaí in áit ar bith ar oileán na hÉireann iarratas a dhéanamh ar an gcomórtas beag beann ar a gcumas ealaíne ná ar a gcúlra.

Cuirfear na hiontrálacha ar taispeáint ar líne inár nGailearaí Ealaíne Digiteach TIA! chun ardán a thabhairt don iléagsúlacht agus don chruthaitheacht dhochreidte atá ag ealaíontóirí óga in Éirinn sa lá atá inniu ann.

**'AN TSAMHLAÍOCHT!'** téama na bliana 2024 agus táimid ag iarraidh go dtaispeánfaidh tú d'ábhar inspioráide dúinn!










**1. CRUTHAIGH** do shaothar ealaíne
Is féidir leat meáin nó ábhair ar bith a úsáid chun d'iontráil a cruthú. Cuimhnigh ar an téama, 'An tSamhlaíocht!' agus bíodh spraoi agat agus tú i mbun do chuid oibre. Ba cheart go dtabharfadh do shaothar ealaíne léargas ort féin agus ar do mheon ar leith.

**2. TÓG** grianghraf de nó déan leagan digiteach de a **SCANADH.**
Nuair atá do shaothar ealaíne críochnaithe agat ní mór duit íomhá d'ardchaighdeán a thógáil de. Tóg grianghraf ardtaifigh de do shaothar ealaíne nó déan scanadh digiteach de. Ní mór don íomhá a bheith breá soiléir, nach mbeadh aon scáth air ná nach mbeadh aon ní eile idir do shaothar agus an ceamara nó an scanóir nuair a thógtar é. Iarr cúnamh ar mhúinteoir nó ar chaomhnóir nuair atá tú ag scanadh do shaothar ealaíne.

Beidh ort réamhrá beag a scríobh agus a chur ar aghaidh le do shaothar ealaíne, tugtar Ráiteas Ealaíontóra air sin. Is ón ráiteas sin a fhaigheann muid amach faoi na hábhair a d'úsáid tú chun do shaothar ealaíne a chruthú, faoin scéal a bhaineann leis an saothar agus faoin ábhar inspioráide a bhí agat agus tú á dhéanamh. Thaitneodh linn na nithe sin a bheith ar eolas againn!

**3. UASLÓDÁIL** d'iontráil. Caith súil ar na treoracha maidir le hiarratas a dhéanamh atá ar an láithreángréasáin. Bí cinnte go bhfaigheann tú cead ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir. Uaslódáil d'iontráil chuig rte.ie/thisisart roimh mheán oíche ar an 3 Samhain.

## Catagóirí

Déanfar moltóireacht ar an gcomórtas sna catagóirí seo a leanas:

- 7 mbliana & níos óige
- 8-11 bliana
- 12-15 bliana
- 16-18 mbliana
- Grúpaí (scoileanna agus grúpaí pobail)

## An Painéal Moltóirí

Painéal moltóirí, ar a bhfuil ealaíontóirí agus coimeádaithe gairmiúla, a roghnóidh na saothair ealaíne a bhuafaidh duais agus a gheobhaidh moladh mór.

## Duaiseanna & Gradaim

Fógrófar na buaiteoirí i mí na Nollag 2024. D'fhéadfadh Údaráis Áitiúla ar fud na tíre cuid de na saothair ealaíne a chuir ar taispeáint agus tá seans ann go dtaispeánfaí ar roinnt ardán meán sóisialta iad chomh maith. Bronnfar Corn Grand Prix TIA! ar an té a bhainfidh an chéad áit amach i ngach catagóir. Tá duaischiste ina bhfuil níos mó ná €10,000 agus a bheidh le caitheamh ar ábhar ealaíne, ar eispéiris ealaíne agus ar dhearbháin a bhaineann le healaín i gceist freisin. Téigh chuig ár láithreán gréasáin nó lean muid ar @tia.ie ar Instagram chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi le páirt a ghlacadh.

# An Dáta Deiridh a nGlacfar le hIarratais: Meán Oíche an 3 Samhain 2024

Dála an scéil... Más ag cuardach inspioráide atá tú bí cinnte go gcaithfidh tú súil ar shraith nua This is Art Club! Gach Déardaoin ag 5.30pm ón 19 Meán Fómhair ar RTÉ2 & ar an RTÉ Player.